2023/2247

9.11.2023

# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 92/2023

## an 28 Aibreán 2023

## lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/2247]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1251 ón gCoimisiún an 19 Iúil 2022 lena ndéantar an formheas ar na substaintí gníomhacha Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh (aicéatáití) mar shubstaintí gníomhacha ísealriosca, agus Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh (aildéid agus alcóil) a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Caibidil XV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 13a (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún):

   '- **32022 R 1251**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1251 ón gCoimisiún an 19 Iúil 2022 (IO L 191, 20.7.2022, lch. 35).'

2. Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 13zzzzzzzzzzzzx (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/496 ón gCoimisiún):

   '13zzzzzzzzzzzzy. **32022 R 1251**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1251 ón gCoimisiún an 19 Iúil 2022 lena ndéantar an formheas ar na substaintí gníomhacha Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh (aicéatáití) mar shubstaintí gníomhacha ísealriosca, agus Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh (aildéid agus alcóil) a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 191, 20.7.2022, lch. 35).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1251 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 29 Aibreán 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

([1]) IO L 191, 20.7.2022, lch. 35.
* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Aibreán 2023.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN